# Sobal-dhráma

# 2027 - 2031

## Dáta Deiridh d'Iarratais: 13:00 an 17 Meitheamh 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua, TG4 eCoimisiúin, i bhfeidhm ag TG4. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais uaillmhianacha do shobalchlár seachtainiúil fadtréimhseach a léireoidh saol comhaimseartha na Gaeltachta agus phobal na Gaeilge in Éirinn don tréimhse 2027 – 2031 ar bhealach barántúil, drámatúil agus tarraingteach. Ba cheart don tsraith a bheith bunaithe ar phobal na Gaeltachta agus go léireodh sí éagsúlacht agus saibhreas shaol comhaimseartha an phobail sin sa lá atá inniu ann lena n-áirítear saibhreas canúintí agus éagsúlacht phobal na Gaeilge ar fud na tíre. Is trí mheán na Gaeilge a dhéanfar an léiriú.

Tá TG4 ag lorg fís eagathóireachta agus cur chuige cruthaitheach atá dána, úr, siamsúil agus comhaimseartha ó thaobh toin, scéalaíochta agus léirithe de agus a chuirfidh saol na Gaeltachta os comhair an lucht féachana ar bhealach fuinniúil, ábhartha agus uaillmhianach. Cé go mbeidh an tsraith dírithe go príomha ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge, ba cheart go meallfadh an drámaíocht láidir, na carachtair a bhíonn ag teacht agus ag imeacht agus na scéalta comhaimseartha lucht féachana níos leithne, in Éirinn agus thar lear, a dtaitníonn sobalchláir leo go dtí na hardáin éagsúla.

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais a bhfuil fís chruthaitheach láidir ag baint leo, ina mbeidh scéalaíocht, carachtair agus drámaíocht a bheidh in ann lucht féachana nua a mhealladh agus ceangal fadtéarmach a dhéanamh leo. Tá uaillmhian ar leith ag TG4 fás agus forbairt a dhéanamh ar a lucht féachana agus glúin nua lucht leanúna a mhealladh chuig príomhshobalchlár TG4, mar aon le lucht féachana níos óige a bhaint amach ar bhealaí nua trasna na n-ardán éagsúil. Ní mór cur chuige ilardáin a bheith ina chuid lárnach den phlean léiriúcháin lena n-áirítear féidearthachtaí digiteacha, ábhar gearrfhoirme agus sraitheanna micreadhrámaíochta nó 'vertical' a d'fhéadfadh tacú leis an bpríomhthairiscint líneach agus cur saol an tsobalchláir ar fáil ar ardáin eile.

| | |
|---|---|
| **Cuirfear tús leis an gCraoladh**: | Meán Fómhair 2027 |
| **Buiséad**: | €120k ar a mhéad san uair (sciar TG4 amháin) * |
| **Líon na nUaireanta**: | 41 uair / 82 ep (agus ollchláir) sa bhliain ar a laghad |
| **Tréimhse**: | Beidh tréimhse chonrartha ceithre bliana i gceist |

*Tá an tógra seo feiliúnach do S481

**Is ceart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas:**

- Fís eagarthóireachta agus chruthaitheach na sraithe
- Suíomh agus domhan an tsobalchláir
- Na príomhcharachtair agus na caidrimh a bheidh lárnach sa tsraith
- Stíl agus ton na scéalaíochta atá feiliúnach do 2027-2031
- Cur chuige i leith drámaíochta leanúnach agus forbairt carachtar go fadtéarmach
- Léiriú ar shaol comhaimseartha na Gaeltachta agus na Gaeilge, lena n-áirítear éagsúlacht canúintí agus guthanna éagsúla
- Cur chuige úr, nuálach agus comhaimseartha ó thaobh eagarthóireachta, léiriúcháin agus ton de
- Tarraingt agus ábharthacht don spriocluct féachana, an lucht féachana níos óige agus lucht féachana nua san áireamh
- Cur chuige ilardáin agus straitéis dhigiteach don tsraith, lena n-áirítear úsáid na meán sóisialta, ábhar gearrfhoirme agus féidearthachtaí micreadhrámaíochta/'vertical' a thacóidh leis an bpríomhshraith
- Cur chuige an chomhlachta i leith na Gaeilge. Cuir síos ar an pholasaí teanga a bheas i bhfeidhm taobh thiar den scáileáin agus sa léiriúchán
- Moltaí i dtaobh Comhairleoir(í) Teanga ar mhaithe le ard-chaighdeán agus saibhreas teanga a chinntiú

**Ní foláir freisin cur síos a dhéanamh san iarratas ar an bpróiseas léirithe faoi na ceannteidil seo a leanas:**

- Samplaí de na príomhscéalta agus línte scéalaíochta atá molta don chéad bhliain
- Cur chuige físiúil agus stíl léirithe na sraithe
- Cur chuige an stiúrthóra/na stiúrthóirí ó thaobh toin, luais agus fisiúlacht
- Modh léirithe na sraithe
- Sceideal léirithe don chéad bhliain
- Sonraí maidir leis an bpríomhfhoireann léirithe agus cur síos ar an taithí ábhartha atá acu, go háirithe i réimse na drámaíochta
- Liosta de na scríbhneoirí, stiúrthóirí agus príomhaisteoirí atá molta don chéad bhliain
- Cur chuige i leith forbairt tallainne agus uas-sciliú san earnáil, lena n-áirítear scríbhneoireacht, stiúrthóireacht, léiriúchán ilcheamara, eagarthóireacht agus réimsí eile den phróiseas cruthaitheach
- Cur síos ar an gcaoi a gcuirfidh an togra le forbairt agus le hinbhuanaitheacht earnáil léiriúcháin na Gaeilge, lena n-áirítear deiseanna do thallann nua fás agus forbairt a dhéanamh chomh maith le deiseanna uas-scilithe in earnáil léiriúcháin na Gaeilge/Gaeltachta
- Taithí agus cumas an chomhlachta léiriúcháin, go háirithe ó thaobh léiriú drámaíochta agus seachadadh tionscadal fadtréimhseach ilardáin de
- Buiséad agus plean airgeadais cuimsitheach (ar theimpléad Buiséid TG4)

**Beidh cearta saoil trasardán ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.**

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh ríomh-Choimisiúin https://ecomm.tg4.ie , agus an t-iarratas a dhéanamh roimh an sprioc-am tríd an rogha, '**Sobal 2027'** , a roghnú ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is iad na comhlachtaí féin a chaithfidh a chinntiú gur seachadadh na hiarratais. Má tá aon cheist agat faoin bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Julieann Ní Fhátharta julieann.ni.fhatharta@tg4.ie

Beidh Deirbhile Ní Churraighín, Eagarthóir Coimisiún ar fáil don tréimhse seo le haghaidh cruinnithe le daoine a léiríonn suim sa mbabhta seo. Téigh i dteagmháil le Julieann Ní Fhátharta julieann.ni.fhatharta@tg4.ie chun cruinniú a shocrú, nó má ta aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Mary Ellen Ní Chualáin maryellen.ni.chualain@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha. Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*